Dé Domhnaigh 31ú Iúil

3.00: Aifreann na Reilige

4.30: Cuireadh don phobal go Teach a'Cheoil le cupa tae le Séamas

5.30: Comórtas Rásaí Currach agus Rásaí Kayakanna i Machaire Rabhartaigh

Ranna - 18 agus Daoine Fásta
Fáilte roimh fhoirne ban
Tuilleadh Eolais – Mary Mhic Pháidín – 086/3174260

10.00: Damhsa na Féile

Ceol le Josie agus Mícheál
Bronnfar na duaiseanna don Chomórtas Grianghrafanna agus don 'Bhaile Fearainn is Slachtmhara' sa pharóiste ag an damhsa. Beidh comórtas Waltzála agus Jivála i rith an damhsa.

Comórtas an Bhaile Fearainn is Slachtmhara

Beidh an comórtas don Bhaile Fearainn is slachtmhara ar siúl arís i mbliana. Déan do dhícheall chun do bhaile fearainn féin a choinneáil deas slachtmhar. B'fhéidir go mbeidh an bua ag do bhaile fhéin i mbliana! Buaiteoir fógraithe ag damhsa na Féile.

Moltóireacht a dhéanamh ag MEAS

Urraithe na Féile

Údarás na Gaeltachta, Óige na Gaeltachta, Teach Bhillie, Tír na nÓg, Siopa Mhic Laifeartaigh, Óstán Loch Altan, Teach Mhaggie Dan, Bláthanna Rosie, Mícheál Mac Géidí, Teach Choll, Teach Ruairí, Siopa Mhic Íomhair, Busanna John Mc Ginley, Busanna Joe Mangan, Mini Mart Mhín Lárach, Oifig Poist Ghort a'Choirce agus Oifig Poist Mhín Lárach, Marion John Eoghain, Brian Boyle, Centra An Fálcarrach

Tuilleadh Eolais: Mollaí Uí Earcáin: 074 91 35232
Áine Mhic Suibhne: 074 91 35912, Agnes Ní Chuireáin: 087 9644591
Veronica Mhic Giolla Chomhaill: 085/8237877
Frances Ní Chuireáin: 087 2880064
Síle Mhic Aoidh: 074 91 35438 / 085 1660544
Séamus Mac Géidigh: 087 2533744
Eolas faoin rása: Brian Ó Domhnaill: 086 8218084

Féile Ghort a'Choirce 2011

29ú - 31ú Iúil, 2011

Clár na Féile

Dé hAoine, 29ú Iúil

6.00 Buíon Ceoil Chloch Cheannfhaola
ag siúl siar go Oifig an Phoist an áit a dtosóidh an rása.

6.30 Rása Bóthar 5Km (nó siúl) – ag tosnú ag Oifig an Phoist An Sagart Paróiste, An tAthair Seán Ó Gallchóir ag cur tús leis an rása ag 6.30 i.n.
Beidh ranna ann do bhuachaillí agus do chailíní -16 & -19 Fir Sinseartha agus Mná Shinsearacha, Mná 35+ agus Fir 40+, agus Fir & Mná 50+

Is féidir na 5Km a shiúl chomh maith faoi na ranna céanna
Beidh cithfholcadh agus áit ullmhúchán ar fáil ag an ionad spóirt 'Tír na nÓg' i nGort a'Choirce.
Clárú don rása i dTeach a'Cheoil ó 5.30 ar aghaidh.
€5 do dhaoine fásta agus €3 do pháistí
Eolas fán rása ó Brian Ó Domhnaill, 086/8218084

Beidh an bronnadh ar siúl i dTeach a'Cheoil i ndiaidh an rása.

10.00: Tráth na gCeist na Féile in Ostán Loch Altan
10.30 Ceol Tradistiúnta i dTeach Bhillí

Comórtas Gairdíní
Gairdíní Aibí, Gairdíní Úra, Gairdíní Glasraí. Moltóireacht ón 3ú seachtain de mhí Iúil ar aghaidh. Fág d'fhoirm iarratais sna boscaí don chomórtas in Oifigí Poist Ghort a'Choirce agus Mhín Lárach nó Mini Mart Mhín Lárach roimh 18/07/2011 nó seol chuig Áine Nic Suibhne, Gort a'Choirce.

Comórtas Griangrafanna Suimiúla don Phobal
Mar shampla tírdhreach/daoine nó pictiúirí suimiúla ar bith a tarraingíodh sa pharóiste. Gan níos mó ná 2 phictiúir ó gach iarrthóir Pictiúir don chomórtas i gclúdach (le ainm an iarrthóra ar cú le fágáil sna boscaí in Oifig Poist Ghort a'Choirce agus Mhín Lárach agus Mini Mart Mhín Lárach roimh Dé Máirt 26/07/2011.

Comórtas Ealaíne do Pháistí
Pictiúr de thírdhreach de áit ar bith sa pharóiste. Rannóga faoi -8, -10, -12, -16, -18. Ainm, Seoladh, Aois agus Fón ag bun an phictiúr. Le fágáil sna boscaí in Oifigí Poist Ghort a'Choirce, Mhín Lárach agus sa Mini Mart i Mín Lárach roimh Dé Máirt 26/07/2011. Pictiúir ar thaispeáint i dTeach a 'Cheoil lá an Aonaigh.

Dé Sathairn 30ú Iúil

Comórtas Bácála: (a) Arán Donn; (b) Scónaí Tae; (c) Píog Úll (d) Cístí na Banríona; (e) Cáca Spúinse; (f) Cáca milis de do rogha. Rannóg speisialta ann do dhaoine óga: -18 sna rannóga (a) go (f) thuas.

10.00: Moltóireacht ar an Chomórtas Bácála
Bácáil don chomórtas le bheith fágtha istigh i dTeach a'Cheoil idir 9.30 agus 10.15 r.n. Ní gá foirm iarratais a líonadh go dtí maidin an chomórtais.

10.00: Moltóireacht ar an Chomórtas Glasraí
Glasraí don chomórtas le bheith fágtha istigh i dTeach a'Cheoil idir 9.30 agus 10.15 r.n. Ní gá foirm iarratais a líonadh go dtí maidin an chomórtais.
*Tá tae ar fáil i dTeach a'Cheoil i rith na maidne

10.30 – 1.00: Lá Aonaigh sa Phanc:
Beidh fáilte roimh seastán le bácáil, glasraí, bia farraige, plandaí, ceardaíocht agus a leithéidí. Fáilte roimh an phobal seastán a bheith acu ar an Aonach. Damhsóirí Mháirín Uí Bheirn, Ceol Traidisiúnta le ceoltóirí na háite, damhsa seit agus céilí. Taispeántais Ceardaíochta, Péinteáil aghaidh do pháistí.

Seastán don Hospice;
Beidh seastán againn arís i mbliana don Hospice. Is féidir earraí nó bácáil a thabhairt do Joe no Mollaí Uí Earcáin roimh ré, maidin na Féile nó a thabhairt go Teach a'Cheoil tráthnóna Déardaoin 28ú Iúil idir 7.00 agus 8.00 i.n.

An Fáinne:
Beidh seastán ag Glór na nGael ag a ndíolfar an Fáinne i mbliana. Bí bródúil as do theanga, caith an Fáinne.

12.00: Comórtas Madadh I gclós Scoil Ghort a'Choirce idir 12.00 agus 1.00 i.n. Gach madadh a bheith ar téad lámha.

2.00: Lá Spóirt do pháistí i Machaire Rabhartaigh
Tug o'War do dhaoine fásta mar pháirt don lá spóirt.
Tuilleadh Eolais ó Eddie Mc Fadden.

8.30: B B Q agus Ceol Gaelach ar Ché Mhachaire Rabhartaigh